Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**7849/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0219 (COD)**

**CODEC 511**
**INST 143**
**PE 43**
**FIN 297**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an gníomh reachtach a ghlacadh |

1. Ar an 13 Meán Fómhair 2016, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 224 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 7 Nollaig 2017[2]. Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún.
Thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim uaithi an 14 Nollaig 2017[3].

3. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 17 Aibreán 2018.

[1] 12308/17.
[2] IO C 129, 11.4.2018, lch. 96.
[3] IO C 018, 18.01.2018, lch. 1.

4. Ag cur san áireamh gur gá an gníomh a shíniú le linn sheisiún iomlánach I i mí na Bealtaine, ní fhéadfaí an Rialachán seo a ghlacadh ach tríd an nós imeachta i scríbhinn, a sheolfaí **Dé Mairt, an 24 Aibreán 2018 ag 12:00** agus a thabharfaí chun críche **Déardaoin, an 26 Aibreán 2018, ag 12:00.**

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe teacht ar chomhaontú maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an Rialachán, mar a leagtar amach in PE-CONS 15/18 é, a ghlacadh[1].

---

[1] Níl ar fáil fós.